# Cad a dhéanaim?

**Tá liosta de phoist éagsúla ar chlé agus tá cur síos ar na poist sin ar dheis.**
**Meaitseáil an post cuí leis an gcur síos ceart.**
**Scríobh an litir chuí in aice leis an bhfreagra ceart.**

| **Post** | **Cur síos** |
| --- | --- |
| Banaltra ___ | **a.** Oibrím in oifig óna naoi go dtí a cúig gach lá. Tá scileanna ríomhaireachta agam. |
| Rúnaí ___ | **b.** Oibrím amuigh faoin aer go minic. Bíonn sé deacair nuair a bhíonn an aimsir go dona. |
| Meicneoir ___ | **c.** Uaireanta, bím ag obair san oíche agus uaireanta i rith an lae. Is maith liom bheith ag obair le daoine. Tá an t-ospidéal an-mhór. |
| Feirmeoir ___ | **d.** Bím i mo sheasamh an lá ar fad. Is maith liom bualadh leis na custaiméirí agus bheith ag caint leo. |
| Tógálaí ___ | **e.** Is breá liom carranna agus bheith ag tiomáint. Bím salach tar éis mo chuid oibre gach lá. |
| Cúntóir siopa ___ | **f.** Is maith liom cónaí faoin tuath. Bím ag obair gach lá sa tseachtain. |